2022/23 Themes for Classroom-Based Assessment 1: From Process to Realisation

Themes	
Theme 1	Hands and feet
Theme 2	Local landmarks
Theme 3	Hidden

Notes for teachers and students:

Using their Visual Art sketchpad, students must research, explore and develop their ideas to create a realised work based on one of the themes listed above. It is essential that students use primary sources appropriate to their chosen theme. The work should be realised by the student through one of the three Visual Art strands.

As part of Classroom-Based Assessment 1, students will:

- Choose their initial theme and appropriate primary sources
- Research and explore their ideas
- Consider the Visual Art strand through which they will primarily generate their realised work
- Further develop their ideas for their realised work
- Record all work and annotations in their Visual Art sketchpad
- Incorporate the elements of Visual Art throughout their work
- Complete their realised work
- Reflect on their decisions, process and realised work

Students should be made aware of the Features of Quality, which will be used by their teacher to assess the work, award a descriptor and give feedback. The teacher will inform their students of the start and end dates for CBA1.

See the Visual Art Assessment Guidelines, **available here on curriculumonline.ie**, for details of the process for conducting Classroom-Based Assessment 1.

Téamaí	
Téama 1	Lámha agus cosa
Téama 2	Sainchomharthaí tíre áitiúla
Téama 3	Folaithe

Nótaí don mhúinteoir agus don scoláire:

Ag úsáid a bhloic sceitseála Amharc-ealaíne, caithfidh an scoláire taighde a dhéanamh ar a chuid smaointe, iad a fhiosrú agus iad a fhorbairt chun saothar críochnaithe a chruthú bunaithe ar cheann de na téamaí thuasluaite. Tá sé riachtanach go n-úsáidfeadh an scoláire foinsí príomhúla atá oiriúnach dá théama roghnaithe. Ba cheart don scoláire an saothar a chur i gcrích trí cheann de thrí shnáithe na hAmharc-ealaíne.

Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- A théama tosaigh agus foinsí príomhúla oiriúnacha a roghnú
- Taighde a dhéanamh ar a chuid smaointe agus iad a fhiosrú
- An snáithe Amharc-ealaíne trína nginfidh sé a shaothar críochnaithe den chuid is mó a mheas
- A smaointe a fhorbairt tuilleadh dá shaothar críochnaithe
- An obair agus na nótaí ar fad a thaifeadadh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- Gnéithe den Amharc-ealaín a chuimsiú i ngach cuid dá shaothar
- An saothar críochnaithe a chur i gcrích
- Machnamh a dhéanamh ar a chinntí, ar a phróiseas agus ar a shaothar críochnaithe

Ba cheart go mbeadh an scoláire ar an eolas faoi na Gnéithe Cáilíochta, a úsáidfidh a mhúinteoir chun an obair a mheasúnú, tuairisceoir a bhronnadh agus aiseolas a thabhairt. Cuirfidh an múinteoir a scoláire ar an eolas faoi dháta tosaigh agus críochnaithe Mheasúnú Rangbhunaithe 1.

Léigh Treoirlínte Measúnaithe na hAmharc-ealaíne, **atá ar fáil anseo ar curriculumonline.ie**, le haghaidh sonraí faoin bpróiseas le tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1.